Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8773/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0079 (NLE)**

**EDUC 137**
**SOC 266**
**JEUN 65**
**DIGIT 84**
**ENV 316**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le Córas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas san Ardoideachas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Moladh thuasluaite, a ghlac an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Bealtaine 2025.

Moladh ón gComhairle maidir le Córas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas san Ardoideachas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Tá córais um dhearbhú cáilíochta ríthábhachtach chun caighdeáin ardcháilíochta a bhunú le haghaidh an oideachais agus chun iontaoibh a chothú i measc córas agus institiúidí ardoideachais ar fud an limistéir Eorpaigh Oideachais. Is bunchlocha ríthábhachtacha iad le haghaidh an chomhair thrasnáisiúnta. An cháilíocht ardoideachais a áirithiú is bunús le hiontaoibh fhrithpháirteach, lena gcumasaítear comhar trasnáisiúnta agus soghluaisteacht foghlama shaoráideach.

2. Is ar na hinstitiúidí ardoideachais atá an phríomhfhreagracht as cáilíocht a soláthair oideachais agus ba cheart do na hinstitiúidí sin díriú ar chaighdeáin arda a bhaint amach mar phríomhthosaíocht institiúideach agus ba cheart dóibh straitéisí agus próisis um dhearbhú cáilíochta a fhorbairt chun a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir sin.

3. Céim fhíorthábhachtach ba ea cur chun feidhme na gCaighdeán agus na dTreoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG) chun Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) a chomhdhlúthú, rud a thacaíonn le cultúr cáilíochta a chruthú i gcórais ardoideachais agus in institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa; mar sin féin, níor cuireadh ESG chun feidhme go hiomlán i ngach Ballstát go fóill.

4. Tá claochlú dinimiciúil á dhéanamh ar shochaithe ar fud na hEorpa, arb iad an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga, dúshláin dhéimeagrafacha agus staid gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa is cúis leis. Ní hamháin gur cheart do na córais ardoideachais freagairt don mhéid sin, ach ba cheart dóibh rannchuidiú go gníomhach leis an gclaochlú sin agus é a chur chun cinn. Trí bhíthin próisis um dhearbhú cáilíochta, i gás inarb ábhartha, ba cheart tacú le hinstitiúidí ardoideachais san aistear claochlaitheach seo trí athbhreithnithe saineolaithe a thabhairt chun feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair oideachais.

5. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann próisis um dhearbhú cáilíochta a dhéanamh níos sofhreagrúla, níos idirnáisiúnaithe agus níos oiriúnaí dá bhfeidhm agus ba cheart a áirithiú san am céanna go ndírítear na próisis sin go fóill ar na caighdeáin cháilíochta is airde a áirithiú. Is uirlis luachmhar faireacháin é aiseolas a fháil ó chéimithe maidir lena gconairí foghlama agus gairme agus ábharthacht an oideachais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí a shealbhaítear, uirlis is féidir a úsáid chun cáilíocht agus ábharthacht a áirithiú ar an leibhéal institiúideach agus ar an leibhéal córais. Rannchuidigh an Tionscnamh Eorpach um Rianú Céimithe[1] leis an rianú sin a dhéanamh níos córasaí agus níos inchomparáide.

6. Mar gheall ar shocruithe éagsúla náisiúnta um dhearbhú cáilíochta, tá castacht ann go fóill sa chomhar trasnáisiúnta san ardoideachas, castacht lena gcuirtear bac ar chláir oideachais chomhpháirteacha a fhorbairt agus lena dteorannaítear deiseanna oideachasúla le haghaidh institiúidí ardoideachais agus le haghaidh mac léinn. Tá sé tábhachtach go léireofar comhlíonadh na gceanglas foirmiúil agus go n-áiritheofar béim leanúnach ar fheabhsú leanúnach ar sholáthar oideachais, rud atá lárnach don dearbhú cáilíochta, agus tiomantas leanúnach don fheabhsú sin.

---

[1] Moladh ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le rianú céimithe (IO C 423, 9.12.2017, lch. 1).

7. Is mór ag an bpobal ardoideachais agus ag na Ballstáit ionstraimí atá ann cheana, mar shampla an Cur Chuige Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach (an Cur Chuige Eorpach)[2] ach tá cur chun feidhme na n-ionstraimí sin tearc fós mar gheall ar chuir chuige náisiúnta éagsúla.

8. Is saintréith iad cláir chomhpháirteacha den Limistéar Eorpach Oideachais, agus is mór ag páirtithe leasmhara uile an ardoideachais iad. Is réamhriachtanas iad socruithe leordhóthanacha um dhearbhú cáilíochta chun a áirithiú gur féidir na cláir chomhpháirteacha sin a chur chun feidhme go forleathan ar fud an Aontais. Dá mbronnfaí lipéad céime Eorpaí comhpháirtí ar bhonn critéir réamhshainithe, d'fhéadfaí dul i ngleic le saincheisteanna atá ann cheana a bhaineann le dearbhú cáilíochta agus creidiúnú clár comhpháirteach. D'fhéadfaí móiminteam breise a chur ar fáil chun é a dhéanamh níos éasca d'institiúidí ardoideachais atá i mbun comhar trasnáisiúnta cláir chomhpháirteacha a chur ar fáil agus céimeanna comhpháirteacha a bhronnadh, i gcomhréir le hionstraimí Bologna, trí chéim Eorpach chomhpháirteach ag céim níos déanaí.

9. Cé go bhfuil plé fós ar siúl maidir leis an gcéim Eorpach chomhpháirteach, níl cinneadh déanta go fóill ag Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an bhféidearthacht í a thabhairt isteach agus ba cheart aon tagairt do chéim Eorpach chomhpháirteach sa Mholadh seo ón gComhairle a thuiscint sa chiall sin. Beidh faisnéis shoiléir mhionsonraithe ag teastáil ón gComhairle chun cinneadh a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo na céime comhpháirtí Eorpaí.

10. Leagtar amach sna critéir Eorpacha in Iarscríbhinn II príomhghnéithe an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus ráthaítear leo go n-urramófar na caighdeáin is airde chun cláir thrasnáisiúnta a thairiscint agus chun nádúr sonrach Eorpach an lipéid sin a thaispeáint. Níl na critéir sin éigeantach ná ceangailteach ó thaobh dlí de, ach chun muinín fhrithpháirteach a áirithiú, ní bhronntar an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí ach amháin nuair a chomhlíontar na critéir sin go léir.

---

[2] Is é is aidhm don chur chuige, a d'fhormheas airí EHEA i mí na Bealtaine 2015, 'bac tábhachtach a chur ar fhorbairt clár comhpháirteach a bhaint trí chaighdeáin a leagan síos do na cláir sin atá bunaithe ar uirlisí comhaontaithe EHEA, gan critéir náisiúnta bhreise a chur i bhfeidhm'.

11. Féadfaidh an tsraith critéar Eorpach le haghaidh lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a bheith ina bhonn dóibh siúd atá le cur i bhfeidhm ar an gcéim Eorpach chomhpháirteach ag céim níos déanaí más rud é, sa bhreis ar an anailís arna déanamh ar an tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme lipéad na céime Eorpaí comhpháirtí agus ar an staidéar féidearthachta ar chéim Eorpach chomhpháirteach mar a thuairiscítear sa Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh, go gcinneann an Chomhairle céimeanna a ghlacadh chun céim Eorpach chomhpháirteach a thabhairt isteach. Ba cheart a áireamh sa staidéar féidearthachta meastóireacht chríochnúil ar na critéir Eorpacha ar ar a mbonn a bhronnfaí an chéim chomhpháirteach Eorpach agus na nósanna imeachta comhfhreagracha um dhearbhú cáilíochta mar bhonn don chinneadh ón gComhairle maidir le critéir na céime comhpháirtí Eorpaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

12. I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas[3], molann roinnt Ballstát úsáid an Chur Chuige Eorpaigh agus tá siad ag bogadh de réir a chéile i dtreo córais níos institiúidí um dhearbhú cáilíochta seachtrach agus tríd an méid sin a dhéanamh, tá comhar trasnáisiúnta ardoideachais níos éifeachtaí agus níos solúbtha. Is céim thábhachtach a bheadh ann córais um dhearbhú cáilíochta inmheánach a threisiú chun dlús a chur le próisis agus caighdeáin ardcháilíochta á n-áirithiú san am céanna.

[3] Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas (IO C 160, 13.4.2022, lch. 1).

13. Tá comhghuaillíochtaí d'institiúidí ardoideachais, mar shampla comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, ar thús cadhnaíochta maidir leis an gcomhar trasnáisiúnta. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: an bealach á réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach[4], luaitear go bhfuil sé d'aidhm ag 'Ollscoileanna Eorpacha' cur le cáilíocht an chomhair thrasnáisiúnta trí straitéisí idirinstitiúideacha lena gcomhcheanglaítear foghlaim agus teagasc, taighde, nuálaíocht agus aistriú eolais isteach sa gheilleagar agus sa tsochaí, agus rannchuidiú le hathrú beartais agus sochaíoch. Is ardáin thábhachtacha iad na hOllscoileanna Eorpacha freisin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na gnéithe taighde agus nuálaíochta sna hinstitiúidí ardoideachais sin ar gá dóibh foghlaim thaighde-bhunaithe a shaothrú, agus chun gairmeacha tarraingteacha solúbtha fadtéarmacha a fhorbairt sa taighde agus sa teagasc. Geallann na comhghuaillíochtaí sin an comhar a dhéanann siad a thabhairt chuig an gcéad chéim eile trí champais idir-ollscoileanna Eorpacha a bhunú mar a mbeidh an soláthar comhpháirteach oideachais ina ghnáthchleachtas. Mar phríomhchéim chun na campais sin a chruthú, tá comhghuaillíochtaí ag tógáil córais um dhearbhú cáilíochta inmheánach lena n-áirithítear go bhfuil cáilíocht an tsoláthair chomhpháirtigh oideachais i gcomhréir leis na caighdeáin is airde. Tríd an méid sin a dhéanamh, tabharfar dearbhú dá bpáirtithe leasmhara agus éascófar soláthar comhpháirteach oideachais. Sainaithníodh príomhbhloic thógála chun tús a chur le hiniúchadh ar chreat tiomnaithe dearbhaithe cáilíochta agus chun measúnú a dhéanamh ar a úsáid.

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir le tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha – An t-ardoideachas, an taighde, an nuálaíocht agus an tsochaí a nascadh: an bealach a réiteach do ghné nua san ardoideachas Eorpach (IO C 221, 10.6.2021, lch. 14).

14. Is gá aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a bheith ann le haghaidh cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama thar lear chun go mbeidh gach duine in ann dul i mbun na soghluaisteachta foghlama, chun tacú le cúrsaíocht chothrom daoine oilte i measc na mBallstát uile, agus chun iomaíochas a chothú. I Moladh 2018 ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear[5], moladh do na Ballstáit na céimeanna is gá a chur i bhfeidhm chun aitheantas frithpháirteach uathoibríoch a bhaint amach chun críche foghlama breise gan gá a bheith ann dul trí nós imeachta aitheantais ar leithligh, ionas go n-aithneofar go huathoibríoch ar an leibhéal céanna cáilíocht ardoideachais a fuarthas i mBallstát amháin, chun rochtain a fháil ar staidéir bhreise, sna Ballstáit eile, gan dochar do cheart institiúide ardoideachais ná do cheart na n-údarás inniúil critéir iontrála shonracha a leagan síos le haghaidh cláir shonracha nó barántúlacht doiciméad a sheiceáil. Córais láidre um dhearbhú cáilíochta is bunús leis an iontaoibh is gá a chothú chun an t-aitheantas uathoibríoch a áirithiú.

15. Leis an Moladh seo, tugtar lán-urraim do phrionsabal na coimhdeachta, don uathriail institiúideach agus don tsaoirse acadúil agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir le dálaí náisiúnta agus i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

---

5 Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn le haghaidh cáilíochtaí oideachais agus oiliúna ar leibhéil an ardoideachais agus an mheánoideachais shinsearaigh, agus le haghaidh torthaí tréimhsí foghlama thar lear (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

**Feabhas a chur ar na córais uile um dhearbhú cáilíochta**

1. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   a) feabhsú leanúnach an dearbhaithe cáilíochta a chothú, lena n-áirítear d'fhonn cáilíocht agus ábharthacht an ardoideachais a fheabhsú, agus ardleibhéal muiníne agus cuntasachta trasnáisiúnta a choinneáil laistigh d'institiúidí ardoideachais;

   b) a áirithiú go bhfuil córais um dhearbhú cáilíochta oiriúnach don fheidhm agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad in ann freagairt do phríomhfhorbairtí sochaíocha, teicneolaíocha agus eacnamaíocha a dhéanann difear don ardoideachas. D'fhéadfadh córais ardoideachais inspioráid a fháil ó dhea-chleachtais atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin ar bhealaí éagsúla, mar shampla, trí institiúidí ardoideachais a spreagadh chun na gnéithe sin a chuimsiú sna nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta inmheánach, cuspóirí sonracha a chuimsiú sa dearbhú cáilíochta seachtrach rialta nó trí bhíthin athbhreithnithe cáilíochta dírithe nó téamacha ar leibhéal an chórais. Is ar an institiúid ardoideachais atá an phríomhfhreagracht as cáilíocht a soláthair oideachais. Ba cheart tabhairt faoin gcur chuige sin i gcomhréir iomlán le ESG agus d'fhéadfaí ábhair mar shampla an méid seo a leanas a chur san áireamh:

      i) bunluachanna acadúla, mar a shainmhínítear i bpróiseas Bologna; a chur chun cinn agus a chosaint;

ii) ábharthacht na dtorthaí teagaisc agus foghlama maidir le forbairt phearsanta, infhostaitheacht agus saoránacht ghníomhach, chriticiúil agus fhreagrach, ag tógáil, mar shampla, ar fhaisnéis ó rianú céimithe nó comhar níos dlúithe le comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear dearadh curaclaim agus deiseanna intéirneachta a thairiscint[6];

iii) an gcuireann cláir (a mbíonn céim iomlán nó micridhintiúir mar thoradh orthu) feabhas ar inniúlachtaí (is é sin eolas, scileanna agus dearcthaí) mac léinn agus foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil i dtaobh príomhthosaíochtaí sochaíocha agus eacnamaíocha, mar shampla, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach;

iv) sineirgí ábhartha idir an t-oideachas, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, an taighde, an nuálaíocht agus seirbhís le haghaidh na sochaí;

v) ardoideachas ionchuimsitheach, mar a shainmhínítear i bpróiseas Bologna, lena gcothaítear an inrochtaineacht agus an comhionannas inscne i measc nithe eile mar aon leis an bhfoghlaim atá dírithe ar an mac léinn agus an fholláine;

vi) slite beatha acadúla agus coinníollacha oibre tarraingteacha inbhuanaithe;[7]

vii) straitéisí chun an comhar idirnáisiúnta a láidriú;

---

6 Moladh ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le rianú céimithe (IO C 423, 9.12.2017, lch. 1).

7 Mar a shainmhínítear sa Mholadh ón gComhairle an 25 Samhain 2024 maidir le gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas (IO C, C/2024/7282, 5.12.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/C/2024/7282/oj).

c) nuair is féidir, a áirithiú, i gcás institiúidí ardoideachais, go bhfuil próisis um dhearbhú cáilíochta seachtrach oiriúnach don fheidhm agus tíosach ar acmhainní chun ualach breise riaracháin a sheachaint.

d) a áirithiú go ndéantar cinntí maidir le creidiúnú, clárú agus meastóireacht institiúidí agus clár ardoideachais ar bhealach trédhearcach oibiachtúil, i gcomhréir le ESG, agus go bhfaightear ionchur leormhaith ó shaineolaithe agus go mbíonn an pobal ardoideachais rannpháirteach, lena n-áirítear mic léinn agus baill foirne acadúla agus riaracháin, chun cultúr na cáilíochta a chothú.

e) institiúidí ardoideachais a spreagadh chun obair leantach a dhéanamh ar a mhéid a thagann feabhas ar cháilíocht an tsoláthair oideachais mar thoradh ar nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta.

f) foilsiú athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta (ar an leibhéal institiúideach nó ar leibhéal an chláir) a spreagadh i mBunachar Sonraí Thorthaí an Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh (DEQAR) agus a n-aistriú a éascú, chun trédhearcacht thrasnáisiúnta cháilíocht an tsoláthair ardoideachais a fheabhsú.

g) a áirithiú go gcumhdaítear raon iomlán soláthair oideachais institiúide ardoideachais leis na córais um dhearbhú cáilíochta inmheánach. I gcás soláthair oideachais arb iad micridhintiúir is toradh air, úsáidtear an cur chuige Eorpach um micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta agus prionsabail Eorpacha maidir le micridhintiúir a dhearadh agus [8]a eisiúint mar thagairt.

h) tacú le gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta agus iad a spreagadh chun gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí a eagrú, rud a chuirfidh ar a gcumas d'institiúidí ardoideachais náisiúnta agus do ghníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta cleachtais a thagarmharcáil in aghaidh cleachtais a úsáidtear in áiteanna eile sa Limistéar Eorpach Oideachais. Is féidir é sin a dhéanamh tríd an tagairfhoghlaim[9], próiseas trínar féidir le hinstitiúidí ardoideachas agus gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta foghlaim ó institiúidí ardoideachais eile atá ar thús cadhnaíochta, nó trí anailís a dhéanamh ar shonraí ó rianú céimithe Eorpacha agus an Fhaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais.

---

[8] Mar a shonraítear sa Mholadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach um micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

[9] Sainmhínítear an tagairfhoghlaim mar phróiseas chun nasc sistéamach comhtháite a chruthú idir an tagarmharcáil agus gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí i ngach réimse a bhaineann leis an dearbhú cáilíochta san ardoideachas.

**Féachaint an bhféadfaí creat tiomnaithe a fhorbairt le haghaidh dearbhú cáilíochta le haghaidh comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais**

2. Moltar go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach i bhforbairt creata Eorpaigh chun é a chur ar a cumas d'aon chineál comhghuaillíochta d'institiúidí ardoideachais atá i mbun comhar fadtéarmach inbhuanaithe, a théann níos faide ná comhar *ad hoc* nó comhar tionscadalbhunaithe chun meastóireacht chomhpháirteach sheachtrach a dhéanamh ar na socruithe comhpháirteacha um dhearbhú cáilíochta inmheánach, lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí comhpháirteacha uile nó an soláthar comhpháirteach oideachais a chuireann na hinstitiúidí rannpháirteacha ar fáil ar a laghad, mar shampla, cláir chomhpháirteacha nó micridhintiúir chomhpháirteacha, nuair is gá. Ba cheart na gníomhaíochtaí seo a leanas a chuimsiú leis an obair sin:

a) obair a dhéanamh i gcomhar leis na páirtithe leasmhara sa dearbhú cáilíochta agus comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais chun féachaint ar fhorbairt an chreata thiomnaithe um dhearbhú cáilíochta sin, ar creat é a bhunófar ar na bunchlocha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo agus é a thástáil, agus a tharraingeoidh ar thorthaí thionscadail EUniQ[10] agus IMINQA a chistítear le Erasmus+[11], i gcás inarb ábhartha;

b) meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcreat tiomnaithe sin agus béim ar leith á leagan ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh laghdú suntasach ar ualaí riaracháin a bheith mar thoradh air agus an bhféadfadh breisluach soiléir a bheith ag baint leis d'institiúidí ardoideachais agus do ghníomhaithe ábhartha eile;

c) ar bhonn thorthaí na meastóireachta, ligean do ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta an Aontais atá cláraithe in EQAR agus do na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais a chuireann an Cur Chuige Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach chun feidhme go hiomlán an mheastóireacht sin a dhéanamh ar dhearbhú cáilíochta seachtrach, bunaithe ar an gcreat sin;

---

10 Trí bhíthin thionscadal EUniQ, forbraíodh cur chuige um dhearbhú cáilíochta cuimsitheach Ollscoileanna na hEorpa.

11 Is é IMINQA an scáth-thionscadal chun tacú le Grúpa Téamach Piaraí Bologna um Dhearbhú Cáilíochta.

**Cur chuige cláir nó cur chuige comhcheangailte um dhearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh níos sofhreagrúla**

3. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   a) an comhar trasnáisiúnta agus sofhreagrúlacht córas ardoideachais a éascú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

      i) tacú le hinstitiúidí ardoideachais próiseas um dhearbhú cáilíochta inmheánach láidir a chur i bhfeidhm nó a fheabhsú, agus cultúr láidir institiúideach cáilíochta a fhorbairt;

      ii) nuair a bheidh próiseas um dhearbhú cáilíochta inmheánach láidir i bhfeidhm in institiúidí ardoideachais, gluaiseacht ionsar chur chuige institiúideach um dhearbhú cáilíochta a spreagadh, mar shampla, tríd an gcreidiúnú éigeantach a dhéanann gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta a theorannú do chreidiúnú tosaigh clár nua agus, nuair is féidir, nósanna imeachta um fhéinchreidiúnú a thabhairt isteach mar chuid den phróiseas um dhearbhú cáilíochta inmheánach;

      iii) an cur chuige fianaise-bhunaithe um dhearbhú cáilíochta a threisiú, trí raon sonraí a úsáid, lena n-áirítear sonraí ón rianú céimithe, agus an Fhaireachlann Eorpach um an Earnáil Ardoideachais; agus

      iv) tacú leis an bpiarfhoghlaim agus leis an bhfothú acmhainneachta le haghaidh institiúidí ardoideachais chun an cultúr cáilíochta a threisiú san aistriú ionsar chur chuige institiúideach um dhearbhú cáilíochta seachtrach;

b) i gcás nár gcuireadh i bhfeidhm go fóill é, úsáid an Chur Chuige Eorpaigh a cheadú agus a spreagadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) deireadh a chur le critéir um dhearbhú cáilíochta a chuirtear isteach ar an leibhéal náisiúnta nó aon bhacainn riaracháin nó rialála eile a d'fhéadfadh a bheith ann;

ii) timpeallacht chumasúcháin a chruthú ina soláthraítear treoraíocht agus ina dtacaítear le daoine atá ag obair sa dearbhú cáilíochta, agus an neamhspleáchas institiúideach á chur san áireamh;

iii) timpeallacht a spreagadh nach dtagann aon mhíbhuntáiste airgeadais chun cinn ann mar gheall ar a úsáid i gcomparáid le nósanna imeachta a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta.

**Na bunchlocha a leagan don lipéad céime Eorpaí comhpháirtí**

Moltar nach mbronnfar an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí ach amháin:

a) nuair a chomhlíonfar na critéir Eorpacha uile maidir leis an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí atá leagtha amach in Iarscríbhinn II,

agus

b) go n-áiritheofar cáilíocht de réir ESG nó de réir cláir aitheanta, ag brath ar imthosca náisiúnta, chun cur i bhfeidhm comhchaighdeán agus cáilíocht agus creidiúnacht an lipéid a áirithiú.

4. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

a) cead a thabhairt do ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta an Aontais atá cláraithe in EQAR agus do na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais a chuireann an Cur Chuige Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta Clár Comhpháirteach chun feidhme go hiomlán an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a bhronnadh[12] ar chláir céime comhpháirtí atá bunaithe ar ionstraimí Bologna atá ann cheana agus a chomhlíonann ESG chomh maith leis na critéir Eorpacha uile a leagtar amach in Iarscríbhinn II, i gcás ina bhfuil gá le clár nó cur chuige comhcheangailte i leith dearbhú cáilíochta seachtrach;

nó

ii) cumas a thabhairt do gach cineál institiúide ardoideachais faoi réir an dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh, bíodh sé náisiúnta nó réigiúnach, ar an leibhéal institiúideach an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a bhronnadh ar chláir céime comhpháirtí bunaithe ar an dearbhú cáilíochta inmheánach agus ar chomhréireacht leis na huirlisí Bologna atá ann cheana, ESG, agus na critéir Eorpacha go léir;

b) bealaí a shainaithint chun athbhreithniú rialta ESG ar obair na ngníomhaireachtaí náisiúnta um dhearbhú cáilíochta a chomhlánú chun a áirithiú go gcomhlíonann cláir chomhpháirteacha na critéir Eorpacha; agus stór clár comhpháirteach a chruthú a chomhlíon na critéir Eorpacha agus atá incháilithe chun an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a bhronnadh.

c) oibriú leis an gCoimisiún chun a mheas an féidir na critéir Eorpacha maidir leis an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a chur i bhfeidhm ar chláir ardoideachais ar leibhéal 5 EQF freisin i gcás inarb infheidhme.

---

12 Mar a luaitear i bpointe 12 den Mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas (IO C 160, 13.4.2022, lch. 1).

**An t-aitheantas uathoibríoch a chur chun feidhme**

5. Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   a) meastóireacht ar chur chun feidhme an aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríoch a spreagadh[13] agus tacú leis an meastóireacht sin trí phróisis um dhearbhú cáilíochta inmheánach agus seachtrach institiúidí ardoideachais;

   b) treoirlínte soiléire a fhorbairt i ndlúthchomhar le hinstitiúidí ardoideachais agus le páirtithe leasmhara eile lena mbaineann agus na treoirlínte sin a chur ar fáil d'institiúidí ardoideachais maidir leis an gcaoi ar féidir idirdhealú a dhéanamh idir aitheantas uathoibríoch cáilíochta le haghaidh rochtain agus an ceart atá ag institiúidí ardoideachais cinntí a dhéanamh maidir le hiontráil ar chúrsa sonrach. Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir sin go rialta nuair a bheidh gá leis, ag cur le torthaí athbhreithnithe na foirne um dlús a chur le haitheantas Erasmus+[14] maidir le cur chun feidhme an aitheantais uathoibríoch;

   c) tacú le hinstitiúidí ardoideachais cur chuige torthaí foghlama a ghlacadh maidir le nósanna imeachta iontrála, gan dochar do chumas na n-institiúidí sin a gcritéir iontrála shonracha féin a chinneadh;

   d) obair a dhéanamh i gcomhar le hinstitiúidí ardoideachais agus le gníomhaireachtaí náisiúnta nó réigiúnacha aitheantais chun faireachán a dhéanamh ar chinntí a dhéantar maidir leis an aitheantas, agus feabhas a chur ar an mbailiú sonraí agus ar chuir chuige fianaise-bhunaithe ar an leibhéal institiúideach, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach;

---

13 Mar a sainíodh sa Mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

14 Mar a mholtar sa Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn le haghaidh cáilíochtaí oideachais agus oiliúna ar leibhéil an ardoideachais agus an mheánoideachais shinsearaigh, agus le haghaidh torthaí tréimhsí foghlama thar lear, an 23 Feabhra 2023, COM(2023) 91 final.

e) tacú le hinstitiúidí ardoideachais na céimeanna agus na micridhintiúir ar fad a eisiúint i bhformáid atá comhoiriúnach leis na caighdeáin um Dhintiúir Eorpacha Dhigiteacha don Fhoghlaim, lena n-áirítear an tSamhail Eorpach Foghlama, mar phríomhchumasóir le haghaidh an aitheantais uathoibríoch, trí sheiceálacha ionsuite EDC ar bharántúlacht agus trí chruthúnas ar dhearbhú cáilíochta agus ar chreidiúnú;

f) fothú acmhainneachta agus líonrú le haghaidh baill foirne i lárionaid ENIC-NARIC agus in institiúidí ardoideachais a spreagadh agus tacú leis an bhfothú acmhainneachta agus leis an líonrú sin trí bhíthin na hoiliúna agus uirlisí digiteacha, lena n-áirítear san intleacht shaorga, agus dlúthchomhar a áirithiú idir údaráis um aitheantas agus údaráis um dhearbhú cáilíochta;

g) tacú leis an dlúthchomhar idir bhaill foirne a bhíonn ag obair i réimse an aitheantais agus i réimse an dearbhaithe cáilíochta, ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach araon, idir líonra ENIC-NARIC agus an Cumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA).

6. Moltar go ndéanfadh na Ballstáit obair leantach ar na Moltaí sin a luaithe is féidir chun ligean do gach cineál institiúide ardoideachais an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a chur chun feidhme agus féachaint ar an gconair ionsar chéim chomhpháirteach Eorpach, i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céime féideartha Eorpaí comhpháirtí: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus tarraingteacht an ardoideachais Eorpaigh. Iarrtar ar na Ballstáit, i gcomhthéacs struchtúir oibre chreat an Limistéir Eorpaigh Oideachais[15], an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta atá á ndéanamh ar an leibhéal iomchuí chun tacú leis na cuspóirí a shonraítear sa Mholadh seo mar chéimeanna fíor-riachtanacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach agus a fhorbairt a thuilleadh.

[15] Mar a shonraítear sa Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

7. Tacú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Bhunachar Sonraí Thorthaí an Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh (DEQAR)[16], arna bhainistiú ag EQAR, chun é a úsáid mar stór clár ar bronnadh an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí orthu, ag tógáil ar dhea-chleachtas ag Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARIC) a bhaineann úsáid as le haghaidh uathaitheantais.

8. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chleachtais rianaithe céimithe a fhorbairt agus a chur chun cinn chun cáilíocht agus ábharthacht an ardoideachais a fheabhsú agus chun feabhas a chur freisin ar an gcomparáid agus ar an tagarmharcáil ar fud tíortha agus institiúidí.

9. Leanúint den taithí charntha a fuarthas ó thionscnaimh comhair thrasnáisiúnta a roinnt leis na Ballstáit agus leis an bpobal ardoideachais níos leithne, tionscnaimh comhair mar shampla comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha agus cláir ar nós cláir Mháistreachtaí Comhpháirteacha Erasmus Mundus, Marie Skłodowska-Curie Actions (MSCA), céimeanna comhpháirteacha dochtúireachta MSCA nó cláir speisialaithe oideachais a mhaoinítear tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach[17].

---

16 Is éard is DEQAR ann Bunachar Sonraí Thorthaí an Dearbhaithe Cáilíochta Sheachtraigh le haghaidh gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta a liostaítear ar an gClár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR). Is féidir leis na gníomhaireachtaí uile atá cláraithe le EQAR tuarascálacha a fhoilsiú sa Bhunachar. Is ar bhonn deonach a bhítear rannpháirteach in DEQAR.

17 Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

10. Na Ballstáit a spreagadh chun an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a úsáid le rochtain a fháil ar shaineolas teicniúil saincheaptha chun na hathchóirithe is gá sa limistéar ardoideachais a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar na sásraí rialachais agus dearbhaithe cáilíochta le haghaidh institiúidí ardoideachais.

11. Tacú leis an tagairfhoghlaim idir ghníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**Bloic thógála chun féachaint an bhféadfaí creat tiomnaithe a fhorbairt le haghaidh dearbhú cáilíochta le haghaidh comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais**

## 1. RÉAMHRÁ

Ceapadh na bunchlocha seo a leanas chun a bheith mar bhonn le hiniúchadh a dhéanamh ar chreat iomlán le haghaidh cur chuige nua um dhearbhú cáilíochta do chomhghuaillíochtaí d’institiúidí ardoideachais. Baineann siad tairbhe as torthaí thionscadail QA-FIT agus IMINQA a cistíodh trí bhíthin Erasmus+. Rinneadh anailís ar na bunchlocha i gcomhar le páirtithe leasmhara sa dearbhú cáilíochta agus níl sé i gceist leo dúbailt a dhéanamh ar aon phróiseas eile um dhearbhú cáilíochta. Déanfar iad a iniúchadh a thuilleadh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara san ardoideachas. Is éard a bheidh iontu uirlis dheonach is féidir le comhghuaillíochtaí d’institiúidí ardoideachais a úsáid chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí a bhainistíonn siad i gcomhpháirt a áirithiú.

## 2. CUSPÓIR

I gcomhréir leis na prionsabail sna Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG), ba cheart an dá chuspóir, idir an chuntasacht agus an feabhsú, a chur san áireamh sa mheastóireacht ar an dearbhú cáilíochta, is é sin:

a) rannchuidiú le feabhsú cáilíochta na comhghuaillíochta agus tacú leis an gcomhghuaillíocht na cuspóirí atá aici a bhaint amach; agus

b) é a chur ar a cumas don chomhghuaillíocht cáilíocht na ngníomhaíochtaí a bhainistítear i gcomhpháirt a léiriú.

Mar thoradh air sin, ba cheart na nithe seo a leanas a dhéanamh trí bhíthin meastóireacht a dhéanfaidh gníomhaireacht um dhearbhú cáilíochta a roghnóidh an chomhghuaillíocht:

a) a aithint gur comhghuaillíocht é an comhar idir na hinstitiúidí ardoideachais, de réir bhrí an Mholta seo;

b) laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin le haghaidh na comhghuaillíochta trí dhearbhú cáilíochta seachtrach comhpháirteach le linn tréimhse shocraithe bailíochta a chumasú i gcás gníomhaíochtaí a bhainistítear ar bhonn comhpháirteach aon uair amháin, seachas na gníomhaíochtaí sin a bheith faoi réir córais éagsúla náisiúnta um dhearbhú cáilíochta seachtrach; agus

c) an dearbhú cáilíochta a éascú i gcás soláthar comhpháirteach oideachais a dhéanann comhghuaillíochtaí, mar shampla, cláir chomhpháirteacha nó micridhintiúir chomhpháirteacha.

## 3. PRIONSABAIL

Trí bhíthin na modheolaíochta meastóireachta a d'fhorbair gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta, dhéanfaí na nithe seo a leanas:

a) uathriail agus éagsúlacht comhghuaillíochtaí a léiriú;

b) comhghuaillíocht a spreagadh chun córas um dhearbhú cáilíochta inmheánach comhpháirteach a bhunú lena gcumhdófaí an soláthar comhpháirteach oideachais uile a dhéantar;

c) Prionsabal na haonuaire a leanúint: níor cheart dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar an soláthar comhpháirteach oideachais ach uair amháin sa tréimhse chéanna bailíochta; agus

d) ba cheart gach cuid ábhartha de ESG, an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach a chomhtháthú agus, i gcás inarb ábhartha, na critéir Eorpacha le haghaidh an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo.

## 4. INCHÁILITHEACHT

Ba cheart an mheastóireacht a oscailt d'aon chomhghuaillíocht d'institiúidí ardoideachais i Limistéar Eorpach an Ardoideachais.

Ba cheart cineál éigin dearbhaithe cáilíochta inmheánaigh ar leibhéal na comhghuaillíochta a bheith ag an gcomhghuaillíocht a ghlacann freagracht as gníomhaíochtaí áirithe a bhainistítear i gcomhpháirt.

## 5. RAON FEIDHME

Leis an meastóireacht, dhíreofaí ar éifeachtacht shásraí na comhghuaillíochta um dhearbhú cáilíochta inmheánach agus um fheabhsú cáilíochta. Ba cheart don chomhghuaillíocht a chinneadh cén soláthar comhpháirteach oideachais agus cé na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a bheidh faoi réir an dearbhaithe cáilíochta inmheánaigh choitinn ar leibhéal na comhghuaillíochta agus ba cheart an méid sin a bheith trédhearcach.

## 6. PRÍOMHGHNÉITHE

Bhunófaí an mheastóireacht ar chaighdeáin lena gcuimsítear Cuid 1 ESG ina hiomláine.

D'fhéadfadh dearbhú a bheith sna caighdeáin freisin go n-áirithítear na nithe seo a leanas le dearbhú cáilíochta inmheánach na comhghuaillíochta:

a) comhlíonann na cláir chomhpháirteacha oideachais a thairgeann an chomhghuaillíocht caighdeáin an Chur Chuige Eorpaigh um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach; agus

b) comhlíonann cláir chomhpháirteacha oideachais na critéir Eorpacha chun an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí, má chinneann an chomhghuaillíocht sin a dhéanamh, a sholáthar.

Ba cheart do ghníomhaireacht um dhearbhú cáilíochta de chuid an Aontais atá cláraithe in EQAR nó gníomhaireacht de chuid an Aontais a chuireann an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach chun feidhme go hiomlán, arna roghnú ag an gcomhghuaillíocht, an mheastóireacht a dhéanamh.

Ba cheart modheolaíocht agus nós imeachta comhsheasmhach a bheith i gceist sa mheastóireacht, modheolaíocht agus nós imeachta a bheidh le leagan amach i gcreat iomlán a bheidh le hiniúchadh bunaithe ar na bunchlocha seo agus cuirfear i bhfeidhm iad gan beann ar pé gníomhaireacht dhéanfaidh an mheastóireacht.

Trí bhíthin na modheolaíochta, d’áiritheofaí go gcuirfí gach nós imeachta in oiriúint don chomhghuaillíocht ar leith agus go gcuirfí san áireamh misean, comhdhéanamh (mar shampla, méid agus raon geografach) na Comhghuaillíochta mar aon le raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhainistítear i gcomhpháirt.

## 7. TORTHAÍ AGUS IARMHAIRTÍ

Bheadh de thoradh ar an meastóireacht cinneadh ón ngníomhaireacht um dearbhú cáilíochta de chuid an Aontais atá cláraithe in EQAR nó gníomhaireacht de chuid an Aontais a chuireann an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach chun feidhme go hiomlán, a d’fhéadfadh a bheith dearfach, dearfach ach coinníollacha a bheith ag baint leis, nó diúltach.

Agus ceanglais náisiúnta á gcur san áireamh, thabharfadh cinneadh meastóireachta dearfach an ceart don chomhghuaillíocht an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) an soláthar comhpháirteach oideachais a chumhdaítear leis an meastóireacht a fhéinchreidiúnú, agus caighdeáin an Chur Chuige Eorpaigh um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach in úsáid; agus

b) úsáid a bhaint as an lipéad céime Eorpaí comhpháirtí le haghaidh na gclár sin a chomhlíonann na critéir Eorpacha le haghaidh lipéad céime Eorpaí comhpháirtí.

Ba cheart do na Ballstáit cinneadh dearfach meastóireachta a aithint mar seo a leanas:

a) do dhearbhú cáilíochta seachtrach náisiúnta ar leibhéal institiúideach: an soláthar comhpháirteach oideachais uile a chumhdaítear leis an dearbhú cáilíochta inmheánach comhpháirteach a fuair pas sa mheastóireacht, an soláthar sin a dhíolmhú ó aon nós imeachta náisiúnta breise um dhearbhú cáilíochta; agus

b) do dhearbhú cáilíochta seachtrach náisiúnta ar leibhéal an chláir: na cláir uile a chumhdaítear leis an dearbhú cáilíochta inmheánach comhpháirteach a fuair pas sa mheastóireacht, na cláir sin a dhíolmhú ó aon nós imeachta náisiúnta breise um dhearbhú cáilíochta a dhéanamh.

<u>**IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**</u>

**Critéir Eorpacha le haghaidh lipéad céime Eorpaí comhpháirtí**

Tá na critéir Eorpacha roinnte in dhá chatagóir:

– Díríonn an chéad chatagóir ar eagrú clár[18], bunaithe ar chritéir a áirítear in ESG agus sa Chur Chuige Eorpach[19];

– Dírítear sa dara catagóir ar an ngné Eorpach agus áirítear inti na critéir luachbhunaithe, lena léirítear tábhacht na gcomhluachanna Eorpacha. Cuirtear chun cinn leis luachanna Limistéar Eorpach an Ardoideachais (saoirse acadúil, sláine acadúil, uathriail institiúideach, rannpháirtíocht mac léinn agus foirne i rialachas an ardoideachais, freagracht phoiblí as an ardoideachas agus freagracht phoiblí an ardoideachais) agus ilteangachas, cuimsitheacht, inbhuanaitheacht chomhshaoil, idirdhisciplíneacht, deiseanna foghlama lasmuigh den saol acadúil agus infhostaitheacht agus digitiú mar thacar gnéithe lena ndéantar rud uathúil den lipéad céime Eorpaí comhpháirtí. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go mbronnfaí Cairt Ardoideachais Erasmus ar institiúidí ardoideachais rannpháirteacha agus go n-áireofaí critéir na gné Eorpaí ina gcomhshocruithe[20].

---

18 Tagraíonn eagraíocht an chláir don chaoi a gcuirtear an clár comhpháirteach ar bun agus don chaoi a bhfeidhmíonn sé ar fud institiúidí comhpháirtíochta.

19 Laistigh de phróiseas ailínithe dhinimiciúil, ba cheart feidhm a bheith ag athruithe a dhéanfar amach anseo ar ESG agus ar an gCur Chuige Eorpach maidir leis na critéir chun lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a bhronnadh.

20 Tagraíonn socruithe comhpháirteacha cláir don chreat nós imeachta agus dlíthiúil lena rialaítear seachadadh agus dearadh an chláir chomhpháirtigh. Is féidir a chumhdach le comhshocruithe, mar shampla, ligean isteach comhpháirteach, roghnú mac léinn, curaclam comhpháirteach, nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta, measúnú, an córas grádaithe, rialachas comhpháirteach, beartais inbhuanaitheachta, eagrú airgeadais, cur chuige comhpháirteach *alumni*, straitéis chumarsáide agus scaipthe agus comhbheartais maoine intleachtúla. Is iondúil go socraítear socruithe mar sin i ndoiciméid chomhpháirteacha, cuir i gcás, an comhaontú cuibhreannais.

Tá na critéir Eorpacha struchtúrtha in dhá chatagóir chun príomhfhreagracht na n-institiúidí ardoideachais as luachanna acadúla a chosaint a léiriú go soiléir, agus tábhacht na gné Eorpaí á haithint ag an am céanna.

Tá na critéir Eorpacha chun lipéad céime Eorpaí comhpháirtí a bhronnadh faoi réir a fhíoraithe ag gníomhaireacht um dhearbhú cáilíochta de chuid an Aontais atá cláraithe sa Chlár Eorpach um dhearbhú cáilíochta san ardoideachas (EQAR) nó ag gníomhaireacht de chuid an Aontais a chuireann an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach chun feidhme go hiomlán nó, mar shampla, i gcás institiúidí féinchreidiúnaithe, trí fhéinmheastóireachtaí. Déantar na critéir maidir le bronnadh an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí a fhíorú ar bhonn féindearbhuithe agus tuarascálacha creidiúnaithe nó meastóireachta, chomh maith le príomhdhoiciméid ina leagtar amach socruithe an chláir chomhpháirtigh, cuir i gcás, comhaontuithe cuibhreannais, i measc nithe eile.

| Critéir Eorpacha le haghaidh lipéad céime Eorpaí comhpháirtí | | | Leibhéil EQF |
|---|---|---|---|
| **A. Critéir eagrúcháin an chláir** | | | |
| | A1. Institiúidí ardoideachais lena mbaineann | Tairgeann dhá institiúid ardoideachais ar a laghad in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad an clár comhpháirteach. | 6, 7, 8 |
| | A2. Soláthar céime comhpháirtí trasnáisiúnta | Déanann na hinstitiúidí ardoideachais uile atá rannpháirteach an clár comhpháirteach a dhearadh agus a sholáthar i gcomhpháirt. | 6, 7, 8 |
| | | Bronntar céim chomhpháirteach mar thoradh ar an gclár comhpháirteach. | 6, 7, 8 |
| | | Eisítear Forlíonadh Dioplóma comhpháirteach do mhic léinn. | 6, 7 |
| | | Leis an gclár comhpháirteach, tugtar tuairisc ar na torthaí foghlama agus ar na creidmheasanna i gcomhréir le Treoir Úsáideora ECTS. | 6, 7 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | A3. Socruithe comhpháirteacha le haghaidh an chláir chomhpháirtigh | Tá beartais, nósanna imeachta agus/nó socruithe comhpháirteacha ag gabháil leis an gclár comhpháirteach lena sainítear an phleanáil curaclaim agus an soláthar curaclaim, mar aon le saincheisteanna eagrúcháin agus riaracháin.<br>Tá ionadaithe na mac léinn rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta chun beartais agus nósanna imeachta comhpháirteacha agus/nó socruithe a shainiú. | 6, 7, 8 |
| | A4. Socruithe maidir le dearbhú cáilíochta | Déantar an dearbhú cáilíochta inmheánach agus seachtrach i gcomhréir leis na Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG). Is gníomhaireacht um dhearbhú cáilíochta de chuid an Aontais atá cláraithe in EQAR nó gníomhaireacht de chuid an Aontais a chuireann an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach chun feidhme ina iomláine a dhéanann meastóireacht ar na hinstitiúidí ardoideachais, ar réimse an staidéir nó ar an gclár. | 6, 7, 8 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Déantar meastóireacht ar an gclár comhpháirteach trí úsáid a bhaint as Caighdeáin an Chur Chuige Eorpaigh um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach (An Chur Chuige Eorpach). | 6, 7, 8 |
| | A5. Rianú céimithe | Déanann an clár comhpháirteach faireachán ar chéimithe trí chóras rianaithe céimithe nó trí úsáid a bhaint as sonraí arna mbailiú ag an bhFaireachlann Eorpach um Earnáil an Ardoideachais. | 6, 7, 8 |
| | A6. Foghlaim atá dírithe ar an mac léinn | Déantar an clár comhpháirteach a cheapadh agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus a sholáthar ar bhealach lena spreagtar mic léinn chun ról gníomhach a ghlacadh sa phróiseas foghlama. Léirítear an cur chuige sin sa mheasúnú a dhéantar ar mhic léinn. | 6, 7, 8 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | A7. Campas trasnáisiúnta – rochtain ar sheirbhísí | Tá beartais chomhpháirteacha ag an gclár chun go mbeidh rochtain ag mic léinn agus ag baill foirne ar sheirbhísí ábhartha sna hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha uile faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na cinn a mbíonn na mic léinn chláraithe agus baill foirne áitiúla go léir faoina réir[21]. | 6, 7, 8 |
| | A8. Soghluaisteacht sholúbtha leabaithe mac léinn | Mar chuid den chlár comhpháirteach, is féidir le mic léinn tairbhe a bhaint as soghluaisteacht fhisiciúil idir 30 ECTS ar a laghad (ar féidir a bhriseadh suas idir roinnt tréimhsí fanachta) in institiúid chomhpháirtíochta amháin nó níos mó. Tá beartas ag an gclár comhpháirteach lena gcuirtear roghanna malartacha ar fáil do mhic léinn nach féidir leo taisteal, cuir i gcás, malartuithe fíorúla agus/nó soghluaisteacht chumaisc. | 6, 7 |
| | | Cuirtear 6 mhí ar a laghad den tsoghluaisteacht fhisiceach ag institiúid chomhpháirteach amháin nó níos mó ar fáil faoin gclár comhpháirteach.<br><br>Tá beartas ag an gclár comhpháirteach lena gcuirtear roghanna malartacha ar fáil do mhic léinn nach féidir leo taisteal. | 8 |
| | A9. Meastóireacht chomhpháirteach agus maoirseacht chomhpháirteach ar thráchtais | Déanann beirt mhaoirseoirí ar a laghad maoirseacht ar thráchtais agus déanann comh-mhaoirseoirí nó coiste ar a bhfuil baill ó dhá institiúid éagsúla ar a laghad atá lonnaithe in dhá thír éagsúla meastóireacht chomhpháirteach ar na tráchtais. | 8 |

[21] Ní thuigtear leis sin go bhfuil ceart uathoibríoch ar shochair airgeadais, mar shampla, scoláireachtaí nó slándáil shóisialta, i ngach institiúid.

| B. Critéir maidir leis an ngné Eorpach | | | |
|---|---|---|---|
| | B1. Idirdhisciplíneacht agus foghlaim taighdebhunaithe | Tá idirdhisciplíneacht leabaithe agus/nó comhpháirteanna foghlama taighdebhunaithe, atá saincheaptha do chineál agus d'imthosca an chláir chomhpháirtigh mar chuid den chlár chomhpháirteach. | 6, 7, 8 |
| | B2. Deiseanna foghlama lasmuigh den saol acadúil agus infhostaitheacht | Foráiltear le socruithe an chláir chomhpháirtigh deiseanna chun eispéireas foghlama mac léinn a leathnú lasmuigh den chomhthéacs acadúil, deiseanna atá saincheaptha do chineál agus d'imthosca an chláir chomhpháirtigh, lena n-áirítear ceanglais mhargadh an tsaothair lena n-ionchorpraítear comhpháirteanna nó gníomhaíochtaí idirearnálacha agus forbairt scileanna idirdhisciplíneacha[22]. | 6, 7, 8 |

[22] Áirítear leis na deiseanna sin comhar leis an earnáil eacnamaíoch agus leis an earnáil shóisialta i dtaobh curaclaim a dhearadh agus/nó a chur chun feidhme, intéirneachtaí, foghlaim obairbhunaithe, iasachtaí/socrúcháin, obair dheonach, foghlaim trí mheán seirbhíse agus cuir chuige dhúshlánbhunaithe, ach níl siad teoranta don mhéid sin amháin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | B3. Digitiú | Mar chuid den chlár chomhpháirteach, tugtar deiseanna do mhic léinn scileanna digiteacha agus inniúlacht dhigiteach sách maith a fhorbairt, atá saincheaptha do chineál agus d'imthosca an chláir chomhpháirtigh. | 6, 7, 8 |
| | B4. Luachanna | Cloíonn socruithe an chláir chomhpháirtigh le luachanna Limistéar Eorpach an Ardoideachais (saoirse acadúil, sláine acadúil, neamhspleáchas institiúideach, rannpháirtíocht mac léinn agus ball foirne i rialachas ardoideachais, freagracht phoiblí as ardoideachas, agus freagracht phoiblí an ardoideachais) agus áirítear leo gealltanas luachanna coiteanna Eorpacha[23] agus saoránacht dhaonlathach a chur chun cinn. | 6, 7, 8 |

[23] Mar a léirítear in Airteagal 2 CAE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | B5. Ilteangachas | Faoin gclár comhpháirteach, cuirtear deiseanna ar fáil chun go bhfoghlaimeoidh gach mac léinn scileanna teanga trí thaithí a thabhairt dóibh ar dhá theanga éagsúla de chuid an Aontais[24] ar a laghad le linn gníomhaíochtaí foghlama nó soghluaisteachta. | 6, 7, 8 |
| | B6. Cuimsitheacht | Faoin gclár comhpháirteach gealltar rannpháirtíocht leathan tríd an éagsúlacht, an comhionannas agus an chuimsitheacht a chothú agus trí bhearta saincheaptha a ghlacadh chun tacú le mic léinn agus le baill foirne ar lú na deiseanna a bhíonn acu. | 6, 7, 8 |
| | | Faoi gclár comhpháirteach gealltar go n-urramófar prionsabail na Cairte Eorpaí um Thaighdeoirí. | 8 |
| | B7. Inbhuanaitheacht comhshaoil | Faoin gclár comhpháirteach, áirítear beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus cuirtear bearta chun feidhme chun lorg comhshaoil ghníomhaíochtaí an chláir a íoslaghdú, agus foráiltear do dheiseanna do mhic léinn scileanna agus inniúlachtaí sách glas a fhorbairt, a bheidh saincheaptha do chineál agus d’imthosca an chláir chomhpháirtigh. | 6, 7, 8 |

[24] Is féidir taithí a fháil ar theangacha an Aontais trí úsáid ghníomhach agus/nó éighníomhach teanga nó teangacha, ar aon leibhéal i ngníomhaíochtaí teagaisc agus/nó foghlama, scrúduithe, gníomhaíochtaí taighde, gníomhaíochtaí gairmiúla nó rannpháirtíochta sibhialta agus le linn tréimhsí soghluaisteachta, lena n-áirítear trí dhul chuig tír ina n-úsáidtear teanga eile den chuid is mó sa saol laethúil.

**IARSCRÍBHINN III A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

**Gluais téarmaí**

Tagraíonn **comhghuaillíocht** do ghrúpa de dhá institiúid ardoideachais Eorpacha ar a laghad a chuaigh i mbun comhar trasnáisiúnta struchtúrach fadtéarmach a dheimhnítear i ráiteas misin comhpháirteach arna fhormhuiniú ag gach comhalta de chomhlachtaí cinnteoireachta ábhartha na comhghuaillíochta ar an leibhéal institiúideach. Tá cinnteoireacht chomhpháirteach maidir le rialachas mar chuid den chomhar sin agus déantar oideachas a thairiscint go comhpháirteach mar mhisean lárnach. Áirítear ar an samplaí is suntasaí na comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais a mhaoinítear faoi thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha.

Tagraíonn **soláthar oideachais** don soláthar oideachais sa tuiscint is leithne air sin, lena n-áirítear cláir a mbaintear céim iomlán amach mar thoradh orthu, cúrsaí a mbaintear micridhintiúir amach mar thoradh orthu agus soláthar nach cuid de chlár é a mbainfear céim fhoirmiúil amach mar thoradh air.

**An Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach:** cur chuige a d'fhormheas na hAirí Eorpacha atá freagrach as an ardoideachas i mí na Bealtaine 2015 agus a forbraíodh chun dearbhú cáilíochta seachtrach na gclár sin a éascú: sainítear ann caighdeáin atá bunaithe ar uirlisí comhaontaithe de chuid Limistéar Eorpach an Ardoideachais, gan critéir náisiúnta bhreise a chur i bhfeidhm. Meastar go n-éascófar leis an gcur chuige sin cuir chuige chomhtháite maidir le dearbhú cáilíochta na gclár comhpháirteach, lena léirítear i ndáiríre gné chomhpháirteach na gclár a bheidh ar aon dul lena chéile. Tá fáil ar an gcur chuige ag: https://www.eqar.eu/assets/uploads/2018/04/02_European_Approach_QA_of_Joint_Programmes_v1_0.pdf

Tagraíonn **meastóireacht** d'athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta a dhéantar go hinmheánach nó go seachtrach ar institiúid ardoideachais nó ar sholáthar oideachais.

Tagraíonn **clár céime comhpháirtí** do chlár comhpháirteach a mbíonn céim chomhpháirteach mar thoradh air.

**Céim Eorpach chomhpháirteach:** Cinnteofar cruth agus sainmhíniú críochnaitheach na tuisceana ar 'céim chomhpháirteach Eorpach' nuair a shocraíonn an Chomhairle na céimeanna a thabharfar chun an chéim Eorpach chomhpháirteach a thabhairt isteach, tar éis anailís a dhéanamh ar an tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an lipéid céime Eorpaí comhpháirtí agus an staidéar féidearthachta maidir leis an gcéim Eorpach chomhpháirteach mar a thuairiscítear sa Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céime féideartha Eorpaí comhpháirtí: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus tarraingteacht an ardoideachais Eorpaigh. Ag an gcéim seo, is féidir é a shainmhíniú mar seo a leanas: Céim chomhpháirteach a bhronntar ar mhic léinn chun a dheimhniú go bhfuil clár comhpháirteach curtha i gcrích ag dhá institiúid ardoideachais nó níos mó ó thíortha éagsúla, lena n-áirítear dhá Bhallstát ar a laghad de chuid an Aontais. Leis an gclár comhpháirteach a ndéantar céim Eorpach a dhámhachtain tar éis é a dhéanamh, comhlíontar sraith choiteann de chritéir Eorpacha agus áirithítear cáilíocht de réir Chaighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais agus an Chur Chuige Eorpaigh, agus ba cheart aitheantas uathoibríoch a éascú san Aontas leis sin. I gcás ina n-éilíonn creataí náisiúnta um cháilíochtaí é, féadfar an chéim Eorpach chomhpháirteach a chomhtháthú sa reachtaíocht náisiúnta chun cur chun feidhme na céime a éascú i dtíortha na n-institiúidí rannpháirteacha.

**Lipéad céime Eorpaí comhpháirtí:** Lipéad cáilíochta a bhronntar ar chláir chomhpháirteacha a chuirtear ar fáil trí chomhar trasnáisiúnta idir institiúidí ardoideachais ó thíortha éagsúla, lena n-áirítear dhá Bhallstát ar a laghad de chuid an Aontais, chun gníomhú mar uirlis bhrandála, agus caighdeáin Eorpacha a chur chun cinn, chomh maith le hinfheictheacht agus gradam a thabhairt do na cláir chomhpháirteacha lipéadaithe. Bronntar an lipéad ar bhonn critéar coiteann Eorpach tar éis d'údaráis inniúla creidiúnaithe nó um dhearbhú cáilíochta, mar shampla, ollscoileanna féinchreidiúnaithe, gníomhaireachtaí creidiúnaithe, nó comhlachtaí um dhearbhú cáilíochta, measúnú a dhéanamh.

Tagraíonn **gníomhaíochtaí a bhainistítear i gcomhpháirt** do na gníomhaíochtaí a dhéanann an chomhghuaillíocht agus na hinstitiúidí ardoideachais atá mar bhall di, ar chinn an Chomhghuaillíocht iad a chur faoi réir chóras comhpháirteach na comhghuaillíochta um dhearbhú cáilíochta inmheánach.

Tagraíonn **clár comhpháirteach** do churaclam comhtháite comhordaithe a thairgeann institiúidí éagsúla ardoideachais i gcomhpháirt agus a mbronntar céimeanna dúbailte/iolracha nó céim chomhpháirteach mar thoradh air.

Tagraíonn an **dearbhú cáilíochta** do na próisis, idir phróisis inmheánacha agus phróisis sheachtracha, a dhéanann institiúid ardoideachais nó gníomhaireacht um dhearbhú cáilíochta, chun timpeallacht foghlama a áirithiú ina bhfuil ábhar na gclár, deiseanna foghlama agus na háiseanna cothrom agus oiriúnach don fheidhm. Baineann an dá chuspóir seo a leanas le gníomhaíochtaí um dhearbhú cáilíochta:

- **Cuntasacht:** Le córas um dhearbhú cáilíochta, dearbhaítear cáilíocht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide ardoideachais do phobal an ardoideachais agus don phobal trí chomhréireacht le tacar caighdeán. D'fhéadfadh an córas sin a bheith mar bhonn chun cearta áirithe a thabhairt don institiúid: mic léinn a earcú, céimeanna a bhronnadh, cistiú poiblí a fháil.

- **Feabhsú:** Cuirtear comhairle agus moltaí ar fáil d'institiúidí ardoideachais agus laistigh díobh leis na córais um dhearbhú cáilíochta chomh maith, maidir leis an gcaoi arbh fhéidir feabhas a chur ar an obair atá ar siúl acu.

I dteannta a chéile, cothaítear iontaoibh as feidhmíocht na hinstitiúide ardoideachais mar gheall ar chuntasacht agus feabhsú córais um dhearbhú cáilíochta. Tá na gnéithe sin fíorthábhachtach chun cultúr cáilíochta a mbeidh gach duine - idir mhic léinn, bhaill foirne, lucht bainistíochta agus cheannairí na hinstitiúide - sásta glacadh leis a chothú. Úsáidtear an téarma 'dearbhú cáilíochta' sa doiciméad seo chun tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí uile laistigh den timthriall leanúnach feabhsaithe, i.e. idir ghníomhaíochtaí cuntasachta agus ghníomhaíochtaí feabhsúcháin.

a) Tagraíonn **dearbhú cáilíochta inmheánach** do na próisis a dhéanann na hinstitiúidí ardoideachais iad féin go hinmheánach. Is iondúil go bhforbraítear iad mar chuid de straitéis institiúidí ardoideachais um dhearbhú cáilíochta, agus tugtar aitheantas don fhreagracht phríomhúil atá orthu as cáilíocht an tsoláthair agus as dearbhú na cáilíochta sin.

b) Tagraíonn **dearbhú cáilíochta seachtrach** do na próisis a dhéanann gníomhaireachtaí um dhearbhú cáilíochta.

c) Ciallaíonn **cur chuige institiúideach um dhearbhú cáilíochta seachtrach** nach gá don institiúid dul trí phróiseas um dhearbhú cáilíochta seachtrach ach ar leibhéal na hinstitiúide, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht phróisis na hinstitiúide um dhearbhú cáilíochta inmheánach agus chun a fháil amach an bhfuil cultúr cáilíochta aibí go leor ag an institiúid chun ardcháilíocht an tsoláthair foghlama aici a áirithiú. Cuireann sé ar chumas na hinstitiúide cláir a fhorbairt agus a sholáthar gan an gá a bheith le hathbhreithniú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar leibhéal na gclár (tugtar féinchreidiúnú air sin i roinnt mhaith tíortha).

d) Ciallaíonn **cur chuige cláir um dhearbhú cáilíochta seachtrach** nach mór athbhreithniú ar phróisis um dhearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar gach aon chláir aonair (nó grúpa clár) a chuireann institiúid ardoideachais amháin nó níos mó ar fáil.

e) Tagraíonn **cur chuige comhcheangailte um dhearbhú cáilíochta seachtrach** do chás ina n-úsáideann córas ardoideachais cur chuige institiúideach agus cur chuige cláir araon i dtaca le dearbhú cáilíochta seachtrach. Tá an cás amhlaidh i bhformhór na gcóras ardoideachais san Aontas[25].

Is tacar caighdeán agus treoirlínte iad na **Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais** le haghaidh dearbhú cáilíochta inmheánach agus seachtrach san ardoideachas. Ní caighdeáin cháilíochta iad na caighdeáin agus na treoirlínte sin, ná ní fhorordaítear leo mar a chuirtear na próisis dearbhaithe cáilíochta chun feidhme, ach tugann siad treoir a chumhdaíonn na réimsí atá ríthábhachtach chun go n-éireoidh le soláthar cáilíochta agus timpeallachtaí foghlama san ardoideachas. Ba cheart na caighdeáin agus na treoirlínte sin a mheas i gcomhthéacs níos leithne lena n-áirítear freisin creataí cáilíochtaí, ECTS agus an Forlíonadh Dioplóma a rannchuidíonn le trédhearcacht agus muinín fhrithpháirteach san ardoideachas a chur chun cinn sa Limistéar Eorpach an Ardoideachais chomh maith. Tá na Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais ar fáil ag https://www.enqa.eu/esg-standards-and-guidelines-for-quality-assurance-in-the-european-higher-education-area/.

---

25 Sna freagraí ar shuirbhé ón gCoimisiún in 2023 maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas, thuairiscigh 14 aireacht go gcuireann siad cur chuige comhcheangailte um dhearbhú cáilíochta seachtrach i bhfeidhm.